# BEARTAS UM OBAIR AONAIR

**Leagan: 1**

**An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 10/10/2022**

**An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 17/10/2022**

**Síniú: ________________________ (POF)**

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: Tá: Níl:**

**Dáta athbhreithnithe: 17/10/2024**

| | |
|---|---|
| Uimh. an Bheartais: PL/047 | Uimhir an Leagain: v1/2022 |
| Leaganacha roimhe seo: N/B | Le hÉifeacht ón: 17/10/2022 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 17/10/2022 | Dáta an Athbhreithnithe: 17/10/2024 |

*BEARTAS UM OBAIR AONAIR*

**Beartas**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe, scoláirí agus cuairteoirí a chinntiú i gcónaí agus iad ag obair, lena n-áirítear solúbthacht chun tabhairt faoi obair lasmuigh de ghnáthuaireanta, nó ina n-aonar.

Tá sé mar bheartas ag BOOÁCDL a chinntiú go gcomhlíontar a chuspóirí maidir le pleanáil 'd'Oibrithe Aonair'.

Tá an beartas agus an nós imeachta seo infheidhme ar fhostaithe uile an BOOÁCDL. Clúdaítear saorálaithe agus nuair is cuí, conraitheoirí sa bheartas freisin. Baineann an beartas le gach cás a bhaineann le hobair aonair, a eascraíonn i dtaca le dualgais agus freagrachtaí na foirne.

***Sainmhíniú***

Is éard atá i gceist le hoibrithe aonair ná iad siúd a oibríonn leo féin gan dlúthmhaoirseacht nó maoirseacht dhíreach.

I measc na samplaí d'oibrithe aonair, tá duine atá ag obair in áiteanna iargúlta, oibrithe soghluaiste ar shiúl ón ionad oibre nó duine atá ag obair in oifig leo féin i bhfoirgneamh a bheadh folamh seachas sin. I measc samplaí d'oibrithe aonair BOOÁCDL, tá Oifigigh Teagmhála Baile is Scoile nó Oifigigh Óige.

Ní áirítear san obair aonair an seans nó tarlú ó am go chéile go mbeadh duine leis nó léi féin ag an obair, mar shampla i ngach áit oibre tagann duine ar dtús agus fágann duine ar deireadh. Ní mheastar duine a bhfuil cumarsáid amhairc nó inchloiste acu le ball foirne eile mar dhuine atá ag obair ina aonar.

**Cuspóir**

Is é cuspóir an nóis imeachta seo ná a chinntiú go gcloítear le gach rialachán Sláinte & Sábháilteachta, reachtúla agus BOO agus oibrithe ag obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó ag obair ina n-aonar le linn gnáthuaireanta oibre.

Is é aidhm an nóis imeachta ná

- Feasacht foirne a mhéadú ar na saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le hobair aonair.
- Feasacht na mbainisteoirí líne a mhéadú faoina bhfreagrachtaí i leith na foirne a thuairiscíonn dóibh agus a bhfuil ceangal orthu oibriú ina n-aonar.
- A chinntiú go ndéantar an riosca a bhaineann le hobair aonair a mheasúnú ar bhealach córasach agus leanúnach, agus go gcuirtear córais agus modhanna oibre sábháilte i bhfeidhm chun an riosca a laghdú, más indéanta.
- A chinntiú go gcuirtear tacaíocht agus oiliúint chuí ar fáil do gach ball foirne a oibríonn ina n-aonar.

**FREAGRACHTAÍ**

**Bainisteoirí, Príomhoidí, Comhordaitheoirí, Eagraithe**

- Oibrithe aonair agus a ngníomhaíochtaí a shainaithint.
- A chinntiú go gcuirtear an beartas agus an nós imeachta seo in iúl go héifeachtach do gach ball foirne ina réimse freagrachta
- Measúnuithe riosca scríofa a dhéanamh maidir le hobair aonair le baill foirne agus measúnuithe riosca foirmiúla na foirne a oibríonn ina n-aonar a nuashonrú go rialta.
- A chinntiú go bhfaigheann an fhoireann oiliúint chuí san obair aonair nuair is gá, mar chuid dá ngníomhaíochtaí oibre
- Aird chuí a thabhairt ar thorthaí an mheasúnaithe riosca d'obair aonair agus aon athruithe bainistíochta a dhéanamh de réir mar is gá.
- A chinntiú go ndéantar measúnuithe athbhreithnithe gach bliain.
- A chinntiú go gcuirtear maoirseacht leordhóthanach ar fáil. D'fhéadfadh sé seo a bheith san áireamh:
    - Seiceálacha tréimhsiúla (cuairteanna)
    - Teagmháil thréimhsiúil (fón/fón póca)
    - Seiceálacha ar oibrithe aonair lena chinntiú go bhfuil siad fillte ar a gceann scríbe ar chríochnú. Ba cheart go mbeadh bainisteoirí líne agus/nó baill foirne ainmnithe eile ar an eolas faoin méid ama a bheidh oibrí aonair ar shiúl ón láithreán.

**Oibrithe Aonair**

- Aird chuí a thabhairt ar thorthaí an mheasúnaithe riosca d'obair aonair agus glacadh leis an bhfreagracht an chomhairle a thagann as an measúnú a leanúint.
- Aire agus freagracht chuí a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile a bhfuil tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí oibre orthu

- Comhoibriú trí threoirlínte, córais oibre agus rialacha atá deartha le haghaidh na hoibre sábháilte a leanúint.
- Gach teagmhas a d'fhéadfadh cur isteach ar a sláinte, sábháilteacht agus folláine féin agus daoine eile a thuairisciú, agus treoir a lorg de réir mar is cuí.
- Páirt a ghlacadh san oiliúint atá deartha chun riachtanais an bheartais a chomhlíonadh agus aon imní atá acu maidir le hobair aonair a thuairisciú.

**MEASÚNAITHE RIOSCA**

1. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar bhunriachtanas sna Measúnuithe Riosca dóibh siúd a bhíonn ag obair ina n-aonar ar an láthair
    - Teacht Isteach/Dul Amach Sábháilte
    - Córais Slándála Láithreáin
    - Bealaí Cumarsáide don fhostaí i gcás Éigeandála
    - Bealaí Cumarsáide/inrianaitheachta
    - Socruithe údarúcháin / tuairisceoireachta / taifeadta chun oibriú leo féin.
    - Leibhéil mhaoirseachta lasmuigh den láthair/ar an láthair atá ag teastáil.
    - Poitéinseal don fhoréigean, d'ionsaitheacht agus don duine aonair éirí as suíomh contúirteach.

2. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar bhunriachtanas sna Measúnuithe Riosca dóibh siúd a bhíonn ag obair ina n-aonar nó ar shiúl ón ionad oibre
    - Measúnú riosca an chliaint/an scoláire nuair is infheidhme.
    - Socruithe le haghaidh cuairteanna baile lena n-áirítear roghanna eile a mheas
    - Bealaí Cumarsáide don fhostaí i gcás éigeandála.
    - Bealaí Cumarsáide/inrianaitheachta
    - Socruithe údarúcháin / tuairisceoireachta / taifeadta chun oibriú leo féin.
    - Sábháilteacht/slándáil phearsanta.

*Aguisín 1*

# Treoirlínte maidir le Measúnaithe Riosca a Dhéanamh agus Nósanna Imeachta Rialaithe a bhunú chun Rioscaí a dhíothú nó a íoslaghdú

**Próiseas Measúnaithe Riosca:**

Cuimsítear na ceithre chéim seo a leanas sa phróiseas measúnaithe riosca do ghníomhaíocht ar leith

Céim 1 An ghuais a shainaithint
Céim 2 Na Rioscaí a bhaineann leis an nguais a shainaithint
Céim 3 Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí (i.e. an riosca a rátáil)
Céim 4 Aon bhearta rialaithe breise a theastaíonn a shainaithint (más ann dóibh) (is é sin an riosca a mheas agus a láimhseáil)

Agus measúnú riosca á dhéanamh, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na guaiseacha agus ar na rioscaí sainaitheanta a bhaineann leis an Timpeallacht, leis an gComhthéacs, leis an gCliantacht agus Stair.

Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar bhunriachtanas sna Measúnuithe Riosca:

- Oiriúnacht leighis an duine aonair a bheith ag obair ina n-aonar.
- Cumas an duine aonair an ghníomhaíocht a dhéanamh go sábháilte as a stuaim féin.
- Poitéinseal don fhoréigean agus don duine aonair éirí as cás contúirteach.
- Rioscaí a bhaineann le tiomáint.
- Sábháilteacht Dóiteáin
- Bearta réamhchúraim agus éigeandála atá ann cheana.
- Samplaí de Chórais Oibre Sábháilte
    - Ag obair i gcomhpháirt le daoine eile ar ghníomhaíochtaí ardriosca
    - Soilsiú Slándála
    - Feabhsuithe ar shocruithe sábháilteachta d'fhoirgnimh
    - Seiceáil isteach agus córais mhonatóireachta
    - Córais chumarsáide chun faisnéis ar riosca a roinnt le comhghleacaithe
    - Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP), Fóin Phóca agus Aláraim Phearsanta.
    - Trealamh éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ar nós tóirsí, uimhreacha teileafóin le haghaidh seirbhísí éigeandála.

Áirítear an méid seo a leanas sna Bearta Rialaithe Riosca

- Tá an chumarsáid an-tábhachtach - fón póca, teileafón nó raidió.
- Seiceálacha Tréimhsiúla
- Gléasanna Rabhaidh Uathoibríocha m.sh. aláraim scaoill, aláraim neamhghluaiseachta, córais teachtaireachta guaise uathoibríocha, is é sin teachtaireacht réamhthaifeadta a sheoltar, mura gcuireann an t-oibrí ar ceal go gníomhach í.
- Treoir agus oiliúint i nósanna imeachta cuí éigeandála m.sh. códfhocail le haghaidh suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith foréigneach nuair a bhíonn cumarsáid fóin póca i gceist chomh maith.
- Úsáid Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)
- Oiliúint agus fearais gharchabhrach
- Áit oibre a ghlasáil agus a dhaingniú
- Buan-Nósanna Imeachta Oibriúcháin (BNIOanna) a chur i bhfeidhm
- Nósanna Imeachta Tuairiscithe ar Theagmhais cearta a chur i bhfeidhm
- Seirbhísí an Chláir Chúnaimh d'Fhostaithe a sholáthar, is é sin comhairleoireacht.